Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**10088/22**

**ENER 295**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil Urghnách an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022<br>- Glacadh |

1. An 13 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar

   ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil Urghnách an Chonartha um Chairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022.

2. Baineann an togra le roinnt gníomhartha atá le glacadh maidir leis na pointí seo a leanas: (i) leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh, (ii) stádas breathnóra Chónaidhm na Rúise ag an gComhdháil a tharraingt siar, agus (iii) cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha um Chairt Fuinnimh maidir leis an mBealarúis a chur ar fionraí, agus stádas breathnóra na Bealarúise ar an gConradh um Chairt Fuinnimh a chur ar fionraí.

3. Thíolaic an Mheitheal um Fhuinneamh an réamh-dhréacht-togra agus phléigh sí é an 7 Meitheamh 2022. Tá ábhar an dréachta an 13 Meitheamh díreach mar an gcéanna.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a dhearbhú;
- a mholadh don Chomhairle an dréacht-Chinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 10089/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo,
- a thabhairt faoi deara go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas agus go dtarchuirfear an seasamh chuici.